



ombudsman
do leanaí & do dhaoine óga

Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh agus léargas
or obair an Ombudsman do leanaí

Pacáiste Acmhainne don
Oideachas Sibhialta,
Sóisialta agus Polaitiúil



Céard a déarfá féin?

Iniúchadh ar chearta an linbh agus léargas ar obair an Ombudsman do leanaí

Is acmhainn de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí é 'Céard a déarfá féin?'



www.oco.ie



Forbraíodh roinnt den ábhar seo i dtosach i gcomhar le:

Aonad Forbartha Curaclaim CGCBÁC
& an Grúpa Tacaíochta d'Oideachas Saoránach,
Bóthar Ghrianréime, Croimghlinn, Baile Átha Cliath 12
www.curriculum.ie

Eagarthóir agus tiomsaitheoir an bhunábhair

Deirdre Phelan

agus scríofa ag foireann múinteoirí a bhfuil seantaithí acu:

Judith Coughlan
Michael Domoney
Audrey O'Reilly
Deirdre Phelan

Is é **Michael Domoney** a cheap na gníomhaíochtaí nua sna hábhair seo

Ba mhaith leis an OCO a thabhairt chun suntais an obair thábhachtach a rinne Clíodhna Ní Ghiollagáin agus Kate Mitchell i bhforbairt na n-acmhainní seo.

© Oifig an Ombudsman do Leanaí

Brollach

A Mhúinteoir, a chara,

Is cúis mhór áthais dom go bhfuil sé beartaithe agat na hábhair acmhainne seo a úsáid chun tuilleadh a fhoghlaim faoi na saincheisteanna éagsúla a bhfuil tionchar acu ar leanaí agus a bhaineann le cearta an linbh.

Is é atá i gceist le mo phost, mo dhualgas reachtúil, ná cearta agus leas gach linbh, suas go haois ocht mbliana déag, a chur chun cinn agus a chinntiú go gcuirtear a leas san áireamh sa dlí, polasaí agus cleachtas. Fiafraítear díom go minic cá bhfuil cearta an linbh sonraithe. Tá dhá phríomh-phointe tagartha ann: An Bunreacht, atá mar ionstraim bhunaidh dhlíthiúil na hÉireann, agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh, sraith caighdeán de chearta daonna leanaí ar aontaíodh go hidirnáisiúnta leo, rud a daingníodh in Éirinn i 1992.

Sa bhliain 2007, chuireamar an 'Ballóid Mhór' ar bun, tionscadal inar vótáil 74,000 leanbh agus daoine óga ar na príomh-shaincheisteanna a raibh tionchar acu orthu. Thacaigh 560 bunscoil agus iar-bhunscoil, Ionaíd Ógtheagmhála agus Ionaíd Oilúna do Thaistealaithe Sinsearach leis na daoine óga páirt a ghlacadh ann. Tá sé ar an gcomhairliúchán is mó le leanaí in Éirinn riamh agus, mar is léir, ní fhéadfadh go mbeadh ann dó gan cúnamh agus díograis na múinteoirí ar fud na tíre.

Léirigh aiseolas ón tionscadal seo gurb iad na príomh-bhuntaistí do leanaí a bhí páirteach sa bhallóid ná an deis cearta an linbh a iniúchadh; tuairimí a chruthú agus a chur in iúl; agus foghlaim faoi, agus páirt a ghlacadh i bpróiseas daonlathach. Tháinig aiseolas an-dearfach chugainn ó mhúinteoirí mar gheall ar a bheith ag úsáid na n-ábhar acmhainne agus d'iarr roinnt acu ábhair bhreise ar chearta an linbh orainn.

Bhí Michael Domoney, ball den fhoireann múinteoirí a d'fhorbair na hábhair acmhainne bunaidh d'iar-bhunscoileanna, ag obair arís linn ar na hábhair seo. Táimid an-bhuíoch go deo as a chuid saineolais agus cruthaitheachta.

Tuigim an ról suntasach atá ag múinteoirí i saolta leanaí agus daoine óga. Cuireann ár n-eispéireas féin ar obair rannpháirtíoch i gcuimhne dúinn go bhfuil muid, mar atá do gach duine a bhíonn ag obair le leanaí agus daoine óga, ag foghlaim chuile lá.

Tá súil agam go mbeidh na hábhair seo mar thacaíocht duit agus tú i mbun oibre agus go gceapfaidh na daoine óga nach bhfuil na hábhair oideachasúil amháin, ach spraoiúil chomh maith.

Más mian leat tuilleadh eolais faoin OCO a fháil, agus an obair atá ar bun againn cearta agus leas an linbh a chur chun cinn in Éirinn, téigh chuig ár suíomh gréasáin ag - www.oco.ie

Míle buíochas,



Emily Logan,

Ombudsman do Leanaí, 2010

Réamhrá

Fáilte chuig *‘Céard a déarfá féin?’*, Seo sraith acmhainní ina bhfuil 10 ngníomhaíocht bunaithe ar choincheapa na gceart agus na bhfreagrachtaí a bhfuil moltaí do thionscadail ghníomhaíochta mar bhuaicphointe aige, cabhraíonn na hábhair seo le múinteoir iniúchadh a dhéanamh ar na saincheistanna a bhaineann le cearta leanaí agus daoine óga leis na daltaí. Tá tagairtí san acmhainn seo do Choinbhinsiún na Na um Chearta an linbh agus don Bhunreacht.

Dé gur dearadh an acmhainn d’úsáid san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) féadtar í a úsáid san earnáil neamhfhoirmiúil chomh maith. Cuireann an acmhainn seo buneolas ar fáil chomh maith le gníomhaíochtaí cruthaitheacha grúpa mar ar féidir leis na daltaí féin páirt a ghlacadh, foghlaim faoi shaincheistanna a bhaineann leo agus faoin mBallóid Mhór. Is grúpa múinteoirí d’fhormhór, atá ag múineadh faoi láthair, a cheap an t-ábhar agus baineadh triail as ar bhonn póilótach agus rinne múinteoirí agus daltaí araon é a mheasúnú.

Is é is cuspóir leis an acmhainn ná feasacht a spreagadh faoi chearta leanaí agus béim a leagan ar an gcaoi iad a chur i bhfeidhm sa saol laethúil. Leagann an t-ábhar béim chomh maith ar ról agus ar obair an Ombudsman do Leanaí. Tugann gach ceacht an deis dhaoine óga guth a bheith acu i leith saincheistanna a théann i bhfeidhm orthu. Seo a leanas an leagan amach atá ar an acmhainne:

- **Gníomhaíocht 1:** An tOmbudsman do Leanaí agus Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL)
- **Gníomhaíocht 2:** An Ceart atá ag Daoine Óga Guth a Bheith Acu

- **Gníomhaíocht 3:** Teaghlach agus Cúram
- **Gníomhaíocht 4:** Sláinte & an Pobal
- **Gníomhaíocht 5:** Díothacht Saibhris agus Maoine
- **Gníomhaíocht 6:** Leanaí Leochaileacha
- **Gníomhaíocht 7:** Daoine Óga & Oideachas
- **Gníomhaíocht 8:** Súgradh, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire
- **Gníomhaíocht 9:** Leanaí & an Dlí
- **Gníomhaíocht 10:** Tionscadal Gníomhaíochta

Cuireann Gníomhaíocht 10 i láthair Tionscadal Gníomhaíochta. Tá siad bunaithe ar thopaicí agus saincheistanna atá clúdaithe ag na hábhair acmhainne. Chun teacht ar chinneadh mar ghrúpa ar féidir an Tionscadal Gníomhaíochta a dhéanamh air, tá moltaí agus treoirí curtha ar fáil freisin chun ballóid a reáchtáil i ngrúpa.

Trí pháirt a ghlacadh san obair seo táthar ag súil go mbeidh daoine óga freagrach as feasacht níos leithne a spreagadh faoi na cearta agus freagrachtaí atá acu, chomh maith leis an tábhacht atá ann go n-éistfí leo mar gheall ar nithe a théann i gcion orthu.

Bunreacht, Airteagal 40(6)(1)(i) :

Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.

Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL), Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

Conas an pacáiste acmhainne seo a úsáid

Tá deich ngníomhaíocht sa phacáiste acmhainne seo faoi chearta leanaí. I gcás gach gníomhaíochta tá modheolaíocht na foghlama idirghníomhaí i gceist agus beidh gá le roinnt oibre ullmhúcháin roimh ré. Chun cuidiú leat, sna treoirlínte seo a leanas tá cur síos ar an méid fótachóipeála agus gearrtha a mbeidh gá leo, le haghaidh gach gníomhaíochta.

GNÍOMHAÍOCHT 1:

Déan dóthain cóipeanna a fhótachóipeáil le go mbeadh cóip ann idir gach beirt sa rang, de na leathanaigh seo a leanas:

- *Bileog Gníomhaíochta 1:*
Teachtairacht ón Ombudsman do Leanaí
- *Bileog Gníomhaíochta 2:*
Tá Cearta ag Leanaí agus Daoine Óga.
- *Bileog Gníomhaíochta 3:*
Leathanach Ceisteanna

Beidh gá freisin le blu-tack chun póstaer CNACL agus póstaer an OCO a chur ar an mballa.

Marcóirí daite.

Leathanach bán A4, ceann an duine.

GNÍOMHAÍOCHT 2:

Déan 7/8 gcóip den leathanach ‘Dar Liomsa,’ agus gearr amach gach bosca. Má tá grúpa mór agat beidh gá agat le níos mó boscaí.

Ní thabharfar aon bhosca ‘Dar Liomsa’ do dhuine amháin as gach ceathrar sa rang. Tabharfar ar a laghad 9 nó 10 mbosca don chuid eile den rang. .

GNÍOMHAÍOCHT 3:

Déan cóip amháin de gach Cárta Saincheiste agus gearr amach na cártaí indibhidiúla.

Déan dóthain cóipeanna de na Cártaí Pearsana chun a chinntiú go bhfaighidh gach duine óg ar a laghad pearsa amháin. Tá 10 bpearsa ar gach leathanach agus mar sin tá seans nach mbeidh gá agat ach le 3 chóip den bhileog seo.

Beidh gá freisin le bileoga bána páipéir, ceann do gach grúpa agus marcóirí daite..

GNÍOMHAÍOCHT 4:

Beidh gá le blu-tack chun an leathanach le Sainmhíniú na Sláinte a chur in airde.

Marcóirí daite.

Leathanaigh mhóra bhána, ceann do gach grúpa.

GNÍOMHAÍOCHT 5:

Déan cóip de na Cártaí Maoine do gach grúpa.

Déan cóip den leathanach Costais Bhreise san Oideachas do gach grúpa.

Déan cóip den leathanach Rannta agus gearr amach rann do gach grúpa.

GNÍOMHAÍOCHT 6:

Déan do dhóthain cóipeanna den tsraith Rólchártaí ionas go bhfaighidh gach duine carachtar amháin.

Nóta eolais: Ba chóir go reáchtálfaí an ghníomhaíocht seo i spás mór oscailte.

GNÍOMHAÍOCHT 7:

Déan cóip do gach ball den ghrúpa den leathanach Suirbhé san Oideachas agus den bhileog Rangú Oideachais.

GNÍOMHAÍOCHT 8:

Beidh gá le paca blu-tack chun na Treo-Bhileoga a chur in airde chomh maith leis na bileoga le Saincheisteanna faoi Chaitheamh Aimsire a chur in airde.

Déan fótachóipeáil ar an mbileog Saincheisteanna faoi Chaitheamh Aimsire agus gearr amach ceann de na focail indibhidiúla ag déanamh 8 sraith de cheithre fhocal ar leithligh (ceann as gach colún).

GNÍOMHAÍOCHT 9:

Déan comharthaí “Aontaím” agus “Easaontaím” le bheith suite ag suíomhanna éagsúla sa seomra.

Nóta Eolais: Ba chóir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i spás mór oscailte.

GNÍOMHAÍOCHT 10:

Déan cóip den Pháipéar Ballóid go gach duine.

Beidh gá le bosca mór le barr.

	Leathanach
Brollach	2
Réamhrá	3
GNÍOMHAÍOCHT 1 An tOmbudsman do Leanaí	7
GNÍOMHAÍOCHT 2 An Ceart atá ag Daoine Óga Guth a Bheith Acu	15
GNÍOMHAÍOCHT 3 Teaghlach agus Cúram	23
GNÍOMHAÍOCHT 4 Sláinte & an Pobal	31
GNÍOMHAÍOCHT 5 Díothacht Saibhris agus Maoine	37
GNÍOMHAÍOCHT 6 Leanaí Leochaileacha	45
GNÍOMHAÍOCHT 7 Daoine Óga & Oideachas	53
GNÍOMHAÍOCHT 8 Súgradh, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire	59
GNÍOMHAÍOCHT 9 Leanaí & an Dlí	71
GNÍOMHAÍOCHT 10 Tionscadal Gníomhaíochta	77

GNÍOMHAÍOCHT 1


An tOmbudsman
do Leanaí & CNACL





An tOmbudsman do Leanaí & CNACL

Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga faoi Oifig an Ombudsman do Leanaí trí theachtaireacht ón Ombudsman do leanaí í féin. Tugtar tús eolais freisin faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL). Is éard atá sa Choinbhinsiún seo ná sraith de chaighdeáin agus d'oibleagáidí arna n-aontú go hidirnáisiúnta ag formhór na dtíortha ar domhan, Éire san áireamh. Cuireadh i bhfeidhm CNACL go sonrach chun dul i ngleic le riachtanais leanaí agus a chinntiú go n-aithníonn an domhan go bhfuil cearta ag leanaí freisin. Príomhphointe tagartha maidir le cearta an linbh in Éirinn is ea an Bunreacht, rud atá mar ionstram bunaidh dlíthiúil in Éirinn.



GNÍOMHAÍOCHT

1. Roinn an grúpa i mbeirteanna. Tabhair cóip den Leathanach le Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí, Leathanach “Tá Cearta ag Leanaí agus Daoine Óga” agus an Leathanach Ceisteanna do gach beirt.
2. Iarr ar na daoine óga an dá leathanach a léamh agus na ceisteanna ar an Leathanach Ceisteanna a fhreagairt.
3. Ceartaigh na freagraí leo.
4. Cuireann an póstaer ar Choinbhinsiún an NA um Chearta an Linbh (CNACL) ar taispeáint agus léigh tríd na cearta leis na daltaí. Mínigh, de réir mar is cuí, an chiall atá leo agus go mbeidh siad ag plé cúrsaí atá bainteach leis na cearta seo sna seachtainí amach anseo.
5. Iarr ar na daoine óga machnamh a dhéanamh ar na cearta atá cloiste acu agus ceann a roghnú a shíleann siad atá bainteach leo agus nach bhfuil go leor measa ag daoine air. Iarr ar na daltaí a rogha a mhíniú.

ROGHANNA LEANTACHA

1. Iarr ar na daoine óga n ceart a roghnaigh said a léiriú ar dhóigh éigin ar leathanach A4. Is féidir leis seo bheith i bhfoirm sceitse, pictiúir, eochairfhocail, grianghraif as irisleabhar, cartúin srl... Caithfear an ceart féin a bheith mar cheannteideal ar an leathanach.
2. Nuair atá na léirithe uile déanta thiocfadh iad a chur suas ar bhalla an tseomra más féidir. Sna gníomhaíochtaí uile ina dhiaidh sin, atreoraigh na daltaí chuig an acmhainn seo – mar sin bheadh taispeántas amhairc níos suimiúla ná tagairt ar ais den leathanach é féin.
3. Iarr ar na daoine óga taighde a dhéanamh ar cad ar a bhfuil an tOmbudsman do Leanaí ag obair faoi láthair trí amharc ar an suíomh gréasáin **www.oco.ie**.

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí

Dia daoibh,

Emily Logan is ainm domsa agus tá mise ar an gcéad Ombudsman do Leanaí in Éirinn. Is é a chiallaíonn sé seo ná go n-oibrím do na leanaí agus na daoine óga uile faoi bhun a 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn agus an dualgas atá orm ná a chinntiú go ndéanann an rialtas agus daoine eile a dhéanann cinntí faoi dhaoine óga machnamh domhain ar an rud is fearr do dhaoine óga. Creidim go bhfuil sé iontach tábhachtach go mbeadh cead aighneachta ag daoine óga maidir le cúrsaí a bhaineann leo agus go gcloistear iad, agus mar sin déanaim iarracht bualadh leis an méid is mó daoine óga agus is féidir liom chun go bhfaighidh mé eolas ar do dhearcadh ar rudaí atá tábhachtach duit agus béim a chur ar na rudaí is cúram duit.

Sula ndearnadh Ombudsman do Leanaí díom, fuair mé oiliúint mar altra leanaí in Ospidéal Shráid an Teampaill i mBaile Átha Cliath i 1982. Cé go raibh a fhios agam gur theastaigh uaim obair le daoine óga, ba mhór an nochtadh dom é seo. Bhuaill mé le cuid mhór leanaí a raibh taithí acu ar rudaí nach raibh fiú amháin cloiste agam fúthu. Bhí roinnt leanaí iontach tinn, bhí trasphlandú orgáin ag cuid acu, fuair cuid de na leanaí ar bhuaill mé leo bás faraor, ní raibh cúram ceart á dhéanamh de chuid acu sa bhaile agus bhí roinnt leanaí iontach bocht.

Ba mhór an suaitheadh a fuair mé ó roinnt de na rudaí a chonaic mé. Chuir cuid de na héagóracha fearg orm agus ba le linn an ama seo a thuig mé go raibh agam iarracht a dhéanamh difir a dhéanamh. Ón am sin ar aghaidh d'éirigh mé níos díoghbháilte fós ar oibriú go crua chun an saol ag leanaí agus daoine óga a fheabhsú.

I mí na Samhna 2003 fógraíodh an post Ombudsman do Leanaí. Is é an rud is mó a d'imigh i gcion orm faoin bhfógra ná go raibh páirt mhór ag leanaí agus daoine óga sa phróiseas. Bhí cuma neamhghnách ar an bhfógra agus tharraing sé m'aired. D'fhógair sé ar a bhonn go mbeadh leanaí agus daoine óga ag reáchtáil an agallaimh le haghaidh an phoist. Ghearr mé an fógra amach agus ní thiocfadh liom stad ag smaoineamh air; ní thiocfadh liom stad ag smaoineamh ar an méid ar mhaith liom an post. Nuair a chuir 15 duine óg agallaimh orm theastaigh an post uaim níos mó fiú - agus bhí a fhios agam gurb é an post idéalach domsa é; thabharfadh sé seans dom difir a dhéanamh agus obair le leanaí agus le daoine óga duine le duine.

Mar Ombudsman do Leanaí, tugtar cuid mhór cumhachta dom a thugann an deis dom a fheiceáil cé acu an bhfuil leanaí agus daoine óga ag fáil cothrom na féinne nó nach bhfuil, is féidir liom ceisteanna a chur ar an rialtas agus na daoine a dhéanann cinntí faoin gcúis atá leis seo. Chun seo a dhéanamh, tá sé tábhachtach go gcoinním súil ar rudaí agus go dtuigim cad atá ar siúl do leanaí agus do dhaoine óga. Mar sin, tá cuidiú díreach de dhíth orm ó na leanaí agus ó dhaoine óga, ní héisteacht amháin atá i gceist anseo, ach a ndearcadh a chloisteáil i gceart.

Tá an t-ádh ormsa bheith i mo Ombudsman do Leanaí agus gur athcheapadh mé don dara téarma sé bliana i mí na Nollaig 2009. Tá éagsúlacht mhór i gceist leis an bpost, mar sin ní bhíonn aon dá lá mar an gcéanna. Tá mé fíordháiríre faoi mo phost. Is féidir leis a bheith deacair ó am go ham - tá saol crua ag cuid mhór leanaí agus is cúis bhróin é sin. Spreagann sé seo mé chun obair níos déine chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí agus daoine óga cothrom na féinne. Tá gnéithe eile ag baint le mo phost nach bhfuil deacair ar chor ar bith - cuireann sé lúcháir orm go mbuailim le leanaí agus daoine óga duine le duine. Tugann sé seo fuinneamh dom, mar go bhfuil siad chomh hionraic, tá said ag iarraidh orm jab maith a dhéanamh.

Emily Logan



Tá Cearta ag Gach Leanbh agus Duine Óg

Tá cearta daonna ag gach duine, gan aird ar a n-aois. Tá cearta speisialta ag leanaí agus daoine óga mar gur féidir leo a bheith níos leochaileach siocair a n-óige. Ciallaíonn seo nach foláir go gcaitear go ceart cothrom leo agus go mbíonn meas ag gach duine orthu agus, chomh maith leis sin, ciallaíonn sé go gcaithfidh leanaí agus daoine óga meas a bheith acu ar chearta daoine eile.

Ba roinnt samplaí de chearta leanaí agus daoine óga ná an ceart a bheith cloiste, an ceart oideachas a fháil, agus an ceart cóir leighis a fháil má bhíonn said tinn.

Uaireanta, ní thugtar aird mar is ceart ar chearta leanaí agus daoine óga. Ní

chiallaíonn sé seo go mbaintear a gcearta uathu. Is é a chiallaíonn sé ná go ndearnadh beag is fiú de na gcearta. Caithfidh daoine in Éirinn a chinntiú nach dtarlaíonn sé seo.

Nuair atá cearta agat, tá freagrachtaí ort chomh maith. Mar shampla, tá an ceart ag leanaí agus ag daoine óga oideachas a fháil agus mar sin, tá sé de fhreagracht orthu dul ar scoil.

Tá na cearta céanna ag gach leanbh agus duine óg ar fud an domhain, agus liostaítear na cearta seo i gCoinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNACL).

Cad is féidir leis an Ombudsman do Leanaí a Dhéanamh?

Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí ann chun a chinntiú go smaoiníonn an rialtas agus na daoine a dhéanann cinntí faoi dhaoine óga go domhain faoin rud is fearr do dhaoine óga.

Is é ról an Ombudsman do Leanaí ná cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois a chothú agus a chosaint. Is iad seo a leanas a príomhfheidhmeanna: Seirbhís neamhspleách chun déileáil le gearáin ag

baint le comhlachtaí poiblí a chur ar fáil; cearta leanaí a chothú, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus cumarsáide san áireamh; agus taighde a dhéanamh chun tuiscintníos fearr a fháil ar shaolta leanaí agus daoine óga; agus chun comhairle a thabhairt don Rialtas chun a chinntiú dlíthe láidre ann do leanaí agus daoine óga. Le haghaidh tuilleadh eolais téigh chuig an suíomh gréasáin **www.oco.ie**.

Leathanach Ceisteanna

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí

1. Cé dó a oibríonn Emily Logan?
2. Cén chaoi a gcuireann Emily síos ar a cuid oibre?
3. Cé a thug an post di?
4. Cad a bhíonn Emily ag iarraidh a chur ina luí ar an rialtas a dhéanamh?
5. Cé a chuir agallamh ar Emily le haghaidh a poist?
6. Cén fáth ar cuireadh agallamh uirthi ar an dóigh seo, dar leat? An dóigh leat gur smaoineamh maith é seo? Cén fáth?
7. Dá mbeifeá ar an bpainéal agallaimh cén cheist a chuirfeá?
8. Cén fáth a bhfuil post Emily deacair uaireanta?

Tá cearta ag gach Leanbh agus Duine Óg

9. Cén fáth a bhfuil cearta speisialta ag leanaí agus daoine óga?
10. Cad is brí leis nuair a deirtear nach mbíonn meas mar is ceart uaireanta ar chearta dhaoine óga?
11. Tabhair sampla de fhreagracht a ghabhann le ceart ar leith.
12. Cad é ról an Ombudsman do Leanaí
13. Cad is ainm don cháipéis ina bhfuil liosta de chearta leanaí?



GNÍOMHAÍOCHT 2

Guth a bheith Agat





Guth a bheith Agat

Sa ghníomhaíocht seo déanfaidh na daoine óga Gníomhaíocht Eisiatach, a chiallaíonn nach mbeidh guth ag daltaí éagsúla sa ghrúpa ar feadh tamaill bhig. Iarrfar orthu machnamh a dhéanamh ar conas mar a mhothaíonn sé seo. Déanfaidh siad plé ar a thábhachtaí is atá sé go gcloisfí a bhfuil le rá agat agus díospóireacht ar cibé acu an gceapann siad go gcloistear dearcthaí agus na hábhair is cúram do dhaoine óga sa tsochaí.

Bunreacht,

Airteagal 40(6)(1)(i) :

Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.

CNACL, Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.



Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga faoin tsaincheist

Guth a Bheithe Agat

GNÍOMHAÍOCHT

1. Roinn na rannpháirtithe i ngrúpaí de cheathrar.
2. Inis don ghrúpa iomlán go mbeidh siad ag caint faoi rudaí a bhfuil suim acu iontu agus go mbeidh cead acu a dtuairim a chur in iúl faoi na rudaí éagsúla seo. Is é an riail ná nach mbeidh cead ag éinne labhairt ag am ar bith ach an duine a chuireann síos a gcárta. Dá mba mhaith leat rud éigin a rá caithfidh tú do chárta a chur i lár an bhoird agus caithfidh gach duine eile éisteacht leis an dalta sin go dtéann an chéad chárta eile síos.
3. Tabhair amach na cártaí Dar Liomsa do gach grúpa ach déan cinnte go bhfágfar duine AMHÁIN i nGACH ghrúpa gan aon chárta / agus níl cead ag aon duine sa ghrúpa a gcártaí a roinnt le haon duine eile! Is féidir na cártaí eile a thabhairt amach go fánach nó in uimhreacha cothroma do gach duine eile sa ghrúpa.
4. Roghnaigh ceist amháin ón Leathanach Ceisteanna agus léigh amach don ghrúpa é. Tosóidh an plé leis an duine a chuireann síos an chéad chárta agus

leanfaidh sé ar aghaidh go ceann 2 nóiméad nó mar sin. Tabhair rabhadh do na daltaí gan a gcártaí Dar Liomsa uile a úsáid sa chéad cheist.

5. Roghnaigh suas le ceithre cheist ón leathanach ceisteanna agus tabhair cead do gach ghrúpa an cheist a phlé. Seans go n-iarrfaidh na daoine óga gan cártaí ceiste cártaí a fháil dóibh féin ach ná tabhair cead dóibh.
6. Nuair atá ceithre cheist (nó níos mó) pléite ag na daoine leis na cártaí, tá sé in am labhairt leis an rang faoin dóigh a bhraith siad faoin ngníomhaíocht seo.
7. Tosaigh leis na daltaí a bhí ag glacadh páirte sa phlé. Cuir ceisteanna mar seo leanas:

Ar bhain siad sult as an bplé?

Cén cheist is fearr agus cén fáth?

Cén cheist a raibh an méid is mó argóinte ann faoi?

8. Anois agus anois amháin, tá sé in am labhairt leo siúd fágadh gan cead cainte do dtí seo. Iarr ar na daoine a fágadh ar lár seasamh suas. Cuir ceisteanna orthu mar seo leanas:

Ar bhain siad sult as an bplé?

An raibh tuairimí acu faoi na ceisteanna seo?

Conas mar a bhrath siad nuair nach raibh siad in ann a dtuairim a chur in iúl?

Cén fáth, dar leo, a ndearnadh an ghníomhaíocht i ngrúpa?

9. Roghnaigh ceist amháin eile ón liosta ceisteanna agus anois tabhair cead do GACH DUINE cúpla nóiméad a chaitheamh ar a dtuairimí faoin gceist.

Éiríonn go maith leis an ngníomhaíocht seo mura bhfaigheann na daoine níos glóraí sa ghrúpa na cártaí 'Dar Liomsa'!

10. Nuair atá siad críochnaithe cur an cheist seo leanas ar gach duine agus déan nóta de roinnt de na ráitis ar an gclár:

Ar cheart go mbeadh guth ag daoine óga, dar leo?

Cá háit ar cheart go mbeadh guth ag daoine óga?

Cad a tharlaíonn nuair nach mbíonn guth ag daoine óga?

11. Iarr ar na daltaí amharc ar an CNACL agus na hailt a roghnú a shíleann siad atá bainteach leis an gceist seo. An dóigh leo go bhfuil meas ag daoine ar na cearta seo?

ROGHA LEANTACH

Iarr orthu téacs-theachtaireacht a scríobh a sheolfaí chuig cara ag míniú na saincheiste 'Guth a Bheith Agat'. Níl cead acu dul thar 180 carachtar, spásanna san áireamh.



Leathanach Ceisteanna

Cén scannán is fearr a chonaic tú riamh agus cad is cúis le do thuairim?

Cén grúpa nó ceoltóir is fearr leat agus cad is cúis le do thuairim?

Cé hé/hí an t-imreoir sacair is fearr ar domhan agus cad is cúis le do thuairim?

Cén cluiche is fearr a chonaic tú riamh agus cad is cúis le do thuairim?

Cén t-amhrán nó píosa ceoil is fearr leat agus cad is cúis le do thuairim?

Cé hé/í an réalta scannáin is fearr leat agus cad is cúis le do thuairim?

Cén clár teilifíse is fearr leat agus cad is cúis le do thuairim?

Nó cuir aon cheist a bheadh ina ceist ábhartha don ranga ag an am seo.





GNÍOMHAÍOCHT 3

Teaghlach & Cúram





Teaghlach & Cúram

Sa ghníomhaíocht seo déanfaidh na daoine óga plé a dhéanamh mar phearsana éagsúla, rud a chuirfidh an cheist Teaghlach agus Cúram faoin mbráid.

Ansin déanfaidh siad na ceisteanna agus buairimh a luaitear a cheangal ar ais le Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh agus aimseoidh siad na cearta atá bainteach leis na ceisteanna seo.

Bunrecht, Airteagal 41 :

Tá áit speisialta ag an teaghlach sa tsochaí.

CNACL Airteagail 7 & 9:

Tá sé de cheart ag leanaí a bheith lena dtuismitheoirí nó leo siúd is fearr a thabharfaidh aire dóibh.



Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga faoin tsaincheist

Teaghlach & Cúram

GNÍOMHAÍOCHT I

1. Déan cóip amháin de na Cártaí Saincheiste agus gearr amach na cártaí. Déan go leor cóipeanna den leathanach Cártaí Pearsan chun cinntiú go mbeidh ceann amháin ann do gach dalta. Mínigh go bhfuil an ghníomhaíocht seo ag déileáil le Teaghlach agus Cúram.
2. Tabhair amach cárta pearsan do gach duine, ag iarraidh orthu gan a gcarachtar a phlé le haon duine.
3. Iarr ar leath den ghrúpa seasamh i gciorcal, na daltaí uile ag seasamh i dtreo an taoibh istigh.
4. Iarr ar an leath eile den ghrúpa ciorcal eile a dhéanamh taobh istigh den chéad ciorcal, leis na daltaí ag seasamh os comhair na dalta eile amach. (Ba cheart go mbeadh gach duine ag amharc san aghaidh ar mhac léinn eile.)
5. Inis do na daoine óga sa ciorcal ar an taobh istigh go bhfuil nóiméad amháin acu chun insint don mhac léinn os a gcomhair amach, sa ciorcal ar an taobh amuigh, faoina bpearsa. Tá orthu ligean orthu gurb iad féin an phearsa seo agus ba cheart dóibh cur leis na sonraí a tugadh dóibh.

6. I ndiaidh nóiméad amháin iarr ar an gciorcal AR AN TAOBH ISTIGH bogadh ar dheis go dtí an chéad duine eile os a gcomhair amach. Tá acu leanúint ar aghaidh ag plé a bpearsan leis an duine seo. Gach am a bhogann an ciorcal agus tá duine nua os comhair ndaoine amach tá orthu cur síos a dhéanamh ar a bpearsa ach píosa úr a chur leis an gcur síos gach uair. Ba cheart go mbogfaidh an ciorcal ar an taobh istigh ar dheis uair amháin eile agus leanúint ar aghaidh ag caint fúthu féin.
7. Nuair atá trí / ceithre bhogadh déanta, tá sé in am don ciorcal ar an taobh amuigh gníomh an ghrúpa ar an taobh istigh a aithris.

GNÍOMHAÍOCHT II

Ag leanúint ar aghaidh ó Ghníomhaíocht I:

1. Nuair atá an dá ghrúpa críochnaithe lena gcur síos, roinn an grúpa i gcúig ghrúpa.
2. Tabhair cárta ceiste amháin, peann daite agus leathanach glan do gach grúpa. Iarr ar na daltaí a gceist a chur ar bharr an leathanaigh mar cheannteideal. Caithfidh na daoine óga anois an ceangal a aimsiú idir na pearsana ina ngrúpaí agus an cheist – m.sh. tá an duine leis an gcárta Seanathair/ Seanmháthair

Páirteach i **gCúram leanaí**

Ag **tabhairt tacaíochta** do theaghlach a h/iníne trí chuidiú a thabhairt leis na socrúithe cúraim leanaí

In ann cineáil áirithe **aonad teaghlach** a aithint.

3. Nuair atá na grúpaí críochnaithe ag scríobh síos a ráitis ar na leathanaigh, bog na leathanaigh ó gach grúpa go dtí an chéad ghrúpa eile – (gheobhaidh gach grúpa gach ceann de na cúig leathanach de réir a chéile.) Caithfidh na grúpaí na tuairimí ar gach leathanach a léamh agus tic a chur in aice leis na roghanna lena n-aontaíonn siad agus x a chur taobh leis na roghanna lena n-easaontaíonn siad. Is féidir leo chomh maith tuairimí nó focail nua nár luadh, ach a shíleann siad atá bainteach, a chur ar an leathanach.
4. Sa deireadh tiocfaidh na leathanaigh ar ais go dtí a ngrúpaí féin agus is féidir leo cur leis an méid atá scríofa air.
5. Iarr ar gach grúpa aiseolas a thabhairt ar a leathanach. Mínigh arís go bhfuil gach ceann de na ceisteanna seo mar pháirt den phríomhcheist faoi Thimpeallacht Teaghlaigh agus Cúraim.
6. Iarr ar na daoine óga aghaidh a thabhairt ar CNAEL agus na hait a aimsiú a shíleann siad atá bainteach leis an gceist seo.

ROGHA LEANTACH

Iarr orthu breacadh síos an ríomhphost a sheolfaidís chuig a gcara ag cur síos ar an ngníomhaíocht a rinne siad inniu agus na ceisteanna a tháinig aníos. Sa ríomhphost, ba cheart dóibh an phearsa a ndearna siad aithris air/uirthi a lua agus mar a bhí sé/sí bainteach leis an gceist Teaghlach agus Cúram.



Tuismitheoir

Is máthair mé le 3 leanbh ag freastal ar an iar-bhunscoil.
Tá leanbh amháin ag déanamh scrúdú na hArdteiste an
bhliain seo chugainn. Déan cur síos ar do shaol?

**Leanbh altrama**

Is cailín óg mé faoi chúram altrama.
Ta m'athair sa phríosún agus tá mo mháthair san ospidéal.
Déan cur síos ar do shaol?

Seanathair / Seanmháthair

Is seanathair/seanmháthair mé agus tagann beirt de mo
gharpháistí go dtí mo theach i ndiaidh am scoile chun a n-obair
bhaile a dhéanamh agus chun a ndinnéar a ithe. Tagann m'iníon
chun iad a bhailiú ag 7i.n. Déan cur síos ar do shaol?

Leanbh le tuismitheoirí scartha

Is leanbh mé le tuismitheoirí atá scartha.
Cónaím le mo mháthair agus feicim m'athair ar an Satharn.
Déan cur síos ar do shaol?

Dídeánaí

Is dídeánaí de 16 bliana mé agus is ón Afraic dom. Níl cead oibre
ag mo thuismitheoirí go dtí go dtabharfar dídean dúinn, rud a
thiocfadh cuid mhór ama a thógáil. Déan cur síos ar do shaol?

Oifigeach Teagmhála Baile is Scoile

Is Oifigeach Teagmhála Baile is Scoile mé a thugann
cuairt ar thithe leanaí a bhfuil deacrachtaí acu
freastal ar scoil go rialta. Déan cur síos ar do shaol?

**Leanbh as teaghlach le dhá thuismitheoir,
a bhfanann a máthair sa bhaile.**

Is leanbh mé le hathair a bhíonn ag obair agus máthair
a oibríonn sa bhaile. Déan cur síos ar do shaol?

Máthair atá ina Déagóir

Tá mise 17 mbliana d'aois le leanbh atá sé mhí d'aois. Cónaím liom féin agus ní oibrím. D'fhág mé an scoil ag deireadh an chúigiú bliain agus mar sin níor éirigh liom an Ardteist a dhéanamh. Déan cur síos ar do shaol?

**Tuismitheoir le hiníon atá ina halcólach**

Is athair mé le hiníon a bhfuil andúil aici san ólachán. Thosaigh sí ag ól nuair a bhí sí ceithre bliana déag d'aois. Tá sí seacht mbliana déag anois agus tá an chuma air go bhfuil an fhadhb ag éirí níos measa. Déan cur síos ar do shaol?

Buachaill le Tuismitheoir Maslach

Tá mé 12 bhliain d'aois agus cónaím le mo mháthair agus m'athair. Éiríonn m'athair iontach feargach agus buaileann sé mo mháthair go minic. Uaireanta éiríonn sé feargach liomsa. Déan cur síos ar do shaol?

Leanbh le tuismitheoir le tinneas fadtéarmach

Is cailín 14 bliana d'aois mé agus cónaím le mo mháthair, a bhfuil ilslcéaróis uirthi. Déanaim cúraim di an t-am ar fad taobh amuigh d'uaireanta scoile. Déan cur síos ar do shaol?

Buachaill faoi míchumas

Is buachaill 14 bliana mé i gcathaoir rotha siocair timpiste bhóthair. Déan cur síos ar do shaol?

Comharsa

Cónaím béal dorais le teaghlach de leanaí scoile agus tá a fhios agam go mbíonn siad sa bhaile leo féin go minic i ndiaidh am scoile. Conas mar a bhraitheann tú faoi seo?

Oibrí deonach le Child Line

Is oibrí deonach mé le Child Line. Oibrím ar na gutháin ag tabhairt freagra ar scairteanna ó leanaí. Conas mar atá do phost? Cad iad na cineálacha rudaí a insíonn na leanaí duit?

TACAÍOCHT DO THEAGHLAIGH

Ainmnigh daoine, grúpaí nó eagraíochta a thugann tacaíocht do theaghlaigh.



TUISMITHEOIREACTH DHEARFACH

Luaigh dóigheanna inar féidir le leanaí tacaíocht dhearfach a thabhairt don leanaí / iad a thógáil go dearfach.

AONAD TEAGHLAIGH ÉAGSÚLA

Ainmnigh cineálacha éagsúla teaghlaigh.

CÚRAM LEANAÍ

Ainmnigh iad sin a ba cheart a bheith ag tabhairt aire do leanaí agus iad sin nach bhfuil ag tabhairt aire do leanaí.

LEANAÍ LEOCHAILEACHA

Cuir liosta le chéile de leanaí ar féidir leo a bheith leochaileach, m.sh. leanaí atá gan chosaint nó i staid lag ar go leor cúiseanna éagsúla.

GNÍOMHAÍOCHT 4

Sláinte & Pobail





Sláinte & Pobail

Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga ar an tsaincheist Sláinte agus Pobal ó dhearcadh chearta leanaí. An aidhm atá leis ná feasacht níos fearr a spreagadh ina measc faoina sláinte agus faoin áit ina bhfuil cónaí orthu agus cuidíonn leo measúnú a dhéanamh ar cé chomh sláintiúil is atá a bpobal/gcathair/mbaile trí úsáid a bhaint as sainmhíniú leathan WHO ar an tsláinte. Pléifidh siad agus cinnfidh siad i ngrúpaí cad iad na háiseanna agus na seirbhísí is gá a bheith in áit ionas gur féidir a rá gur “áit fholláin” í. Tá sé tábhachtach saincheisteanna agus cúiseanna inní a thagann chun cinn sa phlé a thagairt siar do CNAACL agus cearta a aithint atá ábhartha don tsaincheist.

CNAACL, Airteagal 24:

Tá sé de cheart ag leanaí an cúram sláinte is fearr agus is féidir a fháil maille le huisce slán le hól, bia cothaitheach, timpeallacht ghlan shábháilte agus eolas a choinneoidh folláin iad.

Nóta do mhúinteoirí/d'éascaitheoirí:

Le haghaidh tuilleadh eolais ar chathracha sláintiúla agus cathracha atá cairdiúil don leanbh, amharc ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

<http://www.childfriendlycities.org>

<http://www.euro.who.int/Healthy-cities>



Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga faoin tsaincheist

Sláinte & Pobal

GNÍOMHAÍOCHT

1. Cuir Sainmhíniú na Sláinte ar taispeáint agus pléigh leis an ngrúpa céard is ciall le gach gné den tsláinte.

2. Tosaigh comhrá ar an ábhar “Céard is ciall le bheith sláintiúil?” agus scríobh na freagraí molta ar an gclár/smeach-clár.t.

Céard is ciall le bheith sláintiúil go fisiciúil? Sláintiúil ó thaobh meabhrach? Sláintiúil ó thaobh sóisialta?

Céard iad na seirbhísí atá riachtanach chun daoine a choimeád sláintiúil?

Ar chóir do na seirbhísí seo a bheith saor in aisce?

An bhfuil an gaol idir duine a bheith sláintiúil agus an baile nó cathair ina bhfuil siad ina gcónaí?

3. Scar na daoine óga ina ngrúpaí de chúigear.
4. Iarr ar gach grúpa liosta áiseanna agus/nó seirbhísí a chruthú atá riachtanach chun “Áit Shláintiúil” a dhéanamh de bhaile/cathair/pobal.
5. Ba chóir go ndearfadh agus go dtarraingeodh gach grúpa an “Áit Shláintiúil” acu, ag baint úsáide as na háiseanna agus seirbhísí seo. Ba chóir go n-ainmneodh siad an “Áit Shláintiúil” acu chomh maith. Tá na rannpháirtithe ag cruthú pobail idéalach go bunúsach a d’fhéadfadh freastal ar shláinte fhísiciúil, shóisialta agus mheabhrach dhaoine óga.

6. Mar chríoch, ní mór do gach grúpa an “Áit” acu a thaispeáint do na daoine eile, ag míniú na bhfáthanna ar roghnaigh siad a bhfuil déanta acu agus an tslí go mbeadh an saol níos fearr dóibh dá mbeadh siad ina gcónaí san “Áit” nua seo.

D’fhéadfaí an obair a chur ar taispeáint.

ROGHANNA LEANTACHA

1. a) Iarr ar leath amháin den ghrúpa féachaint ar an suíomh gréasáin www.childfriendlycities.org/ agus an leath eile ar www.euro.who.int/Healthy-cities agus ansin iarr orthu tuairisc a thabhairt ar chathair Éireannach nó Eorpach a bhfuil siad tar éis léamh fúithi.

- b) Ba chóir go dtosódh an ghníomhaíocht seo díospóireacht ar a bhfuil aimsithe acu:

An gceapann siad go bhfuil cathair atá ‘cairdiúil do leanaí’ fiúntach?

An gceapann siad go bhfuil cathair atá ‘cairdiúil do leanaí’ deacair a fhorbairt?

Má cheapann, cén fáth?

Cad iad na buntáistí a ghabhann le cathair “shláintiúil”?

An gceapann siad gur féidir le tionscnaimh aon difríochtaí a chruthú?

Conas a bhfuil gaol ag na tionscnaimh seo le cearta an linbh?

2. D’fhéadfadh na daoine óga iniúchadh scríofa a dhéanamh ansin ar a mbaile/cathair/pobal féin chun a fheiceáil cé chomh ‘cairdiúil do leanaí’ is atá sé dóibh.

Cad is sláinte ann?

Is éard is sláinte ann ná folláine iomlán fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta, agus ní easpa galair nó breoiteachta amháin atá i gceist leis.

Eagraíocht Sláinte Dhomhanda (WHO)



GNÍOMHAÍOCHT 5

Díothacht Saibhris agus Maoine





Díothacht Saibhris agus Maoine

Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga ar an tsaincheist Maoin agus Díothacht Maoin Shaolta ar bhealach réadúil praiticiúil. Ar dtús déanfaidh siad iniúchadh ar shainmhínte éagsúla ar ‘Shláinte’ agus ansin déanfaidh cleachtadh sa bhuiséadú faoi chostais bhreise san oideachas. Ar deireadh thiar, déanfaidh siad iniúchadh ar rannta agus aithneoidh ábhar a leagann béim ar dhíothacht maoine.

Ba chóir déileáil leis an tsaincheist seo go híogair, mar go bhfiafrófar de dhaoine óga an rud ón am atá caite é díothacht agus ní hea – is réaltacht í do roinnt mhaith daoine in Éirinn an lae inniu. Sainaithneoidh siad cearta éagsúla, laistigh de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh a bhaineann leis na saincheisteanna arna n-ardú ag an ngrúpa.

CNACL, Airteagail 26 & 27:

Tá sé de cheart ag leanaí cúnamh a fháil ón rialtas má tá siad bocht nó i ngátar. Tá an ceart acu bia, éadaí agus áit shábháilte le cónaí a bheith acu, agus go bhfreastalófaí ar a riachtanais bhunúsacha. Níor chóir dóibh a bheith faoi mhíbhuntáiste sa chaoi is nach bhféadfaidís rudaí a dhéanamh a dhéanann leanaí eile.



Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga ar an tsaincheist

Díothacht Saibhris & Maoine

GNÍOMHAÍOCHT I

1. Scar na daoine óga ina ngrúpaí de cheathrar nó cúigear.
2. Tabhair sraith Cártaí Saibhris do gach grúpa.
3. Mínigh dóibh gur shainmhínithe éagsúla ar an téarma “Saibhreas” iad agus go bhfuil orthu na deich gcárta a eagrú i bhfoirm diamaint. Ba chóir go mbeadh an sainmhíniú is fearr ar shaibhreas dóibh ag an barr agus an sainmhíniú nach n-aontaíonn siad leis in aon chor ag an bun, agus an chuid eile eagraithe idir eatarthu.
4. Tabhair tréimhse ama gairid do na grúpaí chun a sainmhíniú féin ar shaibhreas a chumadh.
5. Nuair atá críochnaithe ag gach grúpa, déan comparáid idir na torthaí éagsúla trí mheán díospóireachta. Ní mór go míneodh gach grúpa na cúiseanna dá rogha féin.

D'fhéadfaí an obair a chur ar taispeánt.

GNÍOMHAÍOCHT II

1. Ag deireadh an phlé ar shaibhreas, mínigh an chreatlach scéil seo a leanas do na grúpaí céanna:

CREATLACH SCÉIL

Tá tú anois ar ais ar scoil, tá do leabhair, trealamh riachtanach, mála scoile, éide scoile, trealamh corpoideachais srl agat, gach rud atá de dhíth ort don bhliain amach romhat ar scoil. Dúirt do thuismitheoirí/chaomhnóirí leat go gcaithfidh tú aon rud eile atá de dhíth ort a cheannach as an €30 sa tseachtain a shaothraíonn tú ag tabhairt air do do dheartháir óg.

2. Roinn gach grúpa i ngrúpaí de bheirt/thriúr/cheathrar. Tabhair liosta de chostais bhreise oideachais do gach grúpa. Spreag na daltaí chun cur leis an liosta sna spásanna atá ar fáil.
3. Ina ngrúpaí féachann na daltaí ar an liosta de chostais agus roghnaíonn siad cé acu na costais bhreise a ba mhaith leo íoc astu as a mbuiséad.
4. Forbair plé ar na ceisteanna seo leanas:

Cén fáth ar roghnaigh an grúpa na rudaí seo?

An measann siad go bhfuil na gníomhaíochtaí/rudaí seo mar pháirt riachtanach den oideachas?

An measann siad gur cheart go mbeadh ar dhaoine óga íoc as na rudaí seo?

GNÍOMHAÍOCHT III

1. Atheagraigh na daoine óga ina ngrúpaí de sheisear ionas go bhfaighidh gach grúpa Sean-rann.
2. Iarr ar gach ghrúpa an rud atá á choinneáil ó na daoine sa rann leanaí a ainmniú, m.sh. sa Crooked Man, is féidir a rá go bhfuiltear ag coinneáil cúram sláinte uaidh, ach tá rudaí eile atáthar a choinneáil uaidh chomh maith.
3. Iarr ar gach grúpa a rann leanaí a léamh agus an díothacht maoin saolta a ainmniú.
4. Mar ghrúpa iomlán iarr orthu machnamh a dhéanamh ar na rudaí is féidir a choinneáil ó dhaoine óga in Éirinn inniu agus cé acu an bhfuil díothacht maoin saolta ina seancheist mar atá sna rainn do leanaí.
5. Lena chéile amharc ar an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh agus na hailt a aimsiú a shíleann siad atá bainteach leis an gceist seo.
6. Spreag plé ar bhealaí agus nithe is féidir a dhéanamh chun faoiseamh a thabhairt ón mbochtaineacht. Cad iad na seirbhísí nó na heagraíochtaí ar féidir dul i dteagmháil leo?

ROGHANNA LEANTACHA

1. Iarr ar na daoine óga freagra a thabhairt ar an blag seo leanas.

Inniu labhair an múinteoir/éascaitheoir faoi dhíothacht saibhris agus maoin agus stad mé ag éisteacht chun smaoineamh ar rudaí níos deise! Faraor, thug sí ceisteanna dúinn faoi seo mar obair bhaile agus níl barúil agam.

An féidir le duine éigin cuidiú liom, ní thuigim cad atá i gceist leo seo?

2. Iarr ar an ngrúpa breathnú ar shuíomhanna gréasáin na ngíomhaireachtaí seo a leanas agus measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad ag iarraidh díothacht maoin a chomhrac in Éirinn:

Barnardos

Focus Ireland

St Vincent De Paul

Cén bealach is éifeachtaí? Cén fáth?



SAIBHIR atá tú nuair
a théann do chlann
ar thuras thar lear
gach bliain.

SAIBHIR atá tú nuair atá
gluaisteán de do chuid
féin agat chun teacht
isteach ar scoil.



SAIBHIR atá tú nuair
atá tú i do chónaí le do
bheirt tuismitheoirí
agus do shiblínní.

SAIBHIR atá tú is nuair
a bhíonn tú in ann spóirt
a imirt i ndiaidh scoile
nó ag an deireadh
seachtaine.

SAIBHIR atá tú nuair
atá tú sláintiúil.

SAIBHIR atá tú is nuair
atá an guthán póca is
déanaí agat.

SAIBHIR atá tú is nuair
atá tú in ann na héadaí
faiseanta is déanaí a
chaitheamh.

SAIBHIR atá tú nuair atá
tú ag freastal ar scoil
phríobháideach.

SAIBHIR atá tú nuair
atá deiseanna agat
lán do chumais a
chomhlíonadh.

SAIBHIR atá tú nuair
atá cairde den chéad
scoth agat.

Costais Bhreise san Oideachas

Turas tóireacha allamuigh – Treodóireacht, Curachóireacht srl	€200
Ranganna ceoil	€120
Ranganna Urlabhra agus Drámaíochta	€120/ €40 sa téarma
Cuairt ar dhráma don rang iomlán	€30
Staidéar tar éis am scoile	€10 sa tseachtain
Turas scoile (thar lear)	€500
Ranganna damhsa	€40 sa téarma
Cúrsa athbhreithnithe scrúdaithe Teastas Sóisearaigh/Ardteiste	€150
Cuairt ar mhúsaem ealaíona don rang iomlán	€30
Foireann díospóireachta scoile	€50
Ranganna snámha	€50 sa téarma
Eile _____	€ _____
Eile _____	€ _____
Eile _____	€ _____
Iomlán _____	€ _____



OLD MOTHER HUBBARD

Old Mother Hubbard, went to the cupboard,
To fetch the poor doggy a bone.
When she got there, the cupboard was bare,
and so the poor doggy had none.

**THIS LITTLE PIGGY**

This little piggy went to market; This little piggy stayed at home;
This little piggy had roast beef; This little piggy had none;
and this little piggy cried, 'wee wee wee' all the way home.

SIMPLE SIMON

Simple Simon met a pieman going to the fair;
Said Simple Simon to the pieman: 'Let me taste your ware.'
Said the pieman to Simple Simon: 'Show me first your penny.'
Said Simple Simon to the pieman: 'Indeed, I have not any!'

**SEE-SAW MARGERY DAW**

See-saw Margery Daw,
Johnny shall have a new master;
He shall have but a penny a day,
Because he can't work any faster.

COBBLER, COBBLER MEND MY SHOE

Cobbler, cobbler, mend my shoe,
Get it done by half-past two;
Stitch it up and stitch it down,
Then I'll give you half a crown.

**THE CROOKED MAN**

There was a crooked man, and he walked a crooked mile,
He found a crooked sixpence against a crooked stile;
He bought a crooked cat, which caught a crooked mouse,
And they all lived together in a little crooked house.

GNÍOMHAÍOCHT 6

Leanaí
Leochaileacha





Leanaí Leochaileacha

Tugann an ghníomhaíocht seo léargas do dhaoine óga ar shaol leanaí leochaileacha. I ndiaidh plé a dhéanamh ar chiall an fhocail “leochaileach”, sainíonn siad na grúpaí leanaí a cheapann siad atá leochaileach. Ansin, tríd an ghníomhaíocht “Ollchéimeanna” a dhéanamh, bíonn an deis ag na daoine óga ionbhá a léiriú le leanaí atá leochaileach trí cheacht rólghlactha. Tá sé tábhachtach go gceanglaítear na saincheisteanna a chlúdaítear le CNACL agus le cur i ngníomh cearta gach linbh.

CNACL, Airteagal 2:

Tá na cearta céanna ag gach leanbh, is cuma cé hiad, cá bhfuil siad ina gcónaí, cén post atá ag a dtuismitheoirí, cén teanga a labhraíonn siad, cén creideamh atá acu, más buachaill nó cailín iad, cén cultúr atá acu, má tá siad faoi mhíchumas nó nach bhfuil, má tá siad saibhir nó bocht.

CNACL, Airteagal 3:

Ba chóir go mbeadh leas an linbh mar bhreithniúchán príomha i ngach cinneadh a déantar faoi leanaí.

Aithníonn airteagail éagsúla sa CNACL go bhfuil grúpaí leanaí ar leith níos leochailí ar chúis amháin nó níos mó – m.sh. leanaí atá mar pháirt de mhionlach eitneach atá ag lorg tearmainn. Deimhníonn na hairteagail seo go mbíonn sé de cheart ag leanaí leochaileacha aon tacaíocht bhreise atá ag taisteáil uathu a fháil chun go mbeadh siad sábháilte, go ndéantar cúram dóibh, cuimsithe agus go mbeadh saol iomlán acu.

Bunreacht, Airteagal 40 :

Déileáiltear le gach saoránach, mar dhaoine daonna, go comhionann faoin dlí.

Tarraingíonn an gníomh seo aird na ndaoine óga ar an tsaincheist maidir le

Leanaí Leochaileacha

GNÍOMHAÍOCHT

1. Roimh thosú ar an ngníomhaíocht, tosaigh ransú smaointe faoi chiall an téarma “leochaileach” agus scríobh na freagairtí ar an gclár/smeach-chairt.
2. Tosaigh díospóireacht ghairid maidir le cén grúpaí leanaí agus daoine óga a cheapann na rannpháirtithe gurb daoine “leochaileacha” iad, m.sh. leanaí faoi chúram, leanaí faoi choinneáil, leanaí taistealaithe, leanaí imirceach agus iarrthóirí tearmainn, leanaí gan dídean, leanaí atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, leanaí atá i mbaol mí-úsáide nó faillí.
3. Tosaigh seisiún gairid ransaithe smaointe ar eagraíochtaí nó seirbhísí a dhéanann iarracht tacaíocht a thabhairt do leanaí leochaileacha.
4. Nuair atá deireadh leis an bplé, mínigh don ghrúpa go bhfuil orthu gníomh Ollchéimeanna a chur i gcrích ina dtabharfar Cárta Carachtair dóibh atá riachtanach don rólghlacadh agus go bhfuil orthu machnamh a dhéanamh ar shaol an charachtair seo.
5. Tabhair cárta do gach duine agus lig dóibh tréimhse a chaitheamh chun machnamh a dhéanamh ar an gcarachtar agus chun iarracht a dhéanamh saol agus eispéiris an charachtair sin a shamhlú.
6. Bailigh an grúpa ar fad le chéile ag taobh amháin den seomra ranga nó halla.

7. Tosaigh le líon ráiteas a léamh amach, ceann i ndiaidh chinn. I ndiaidh gach ráiteas beidh ar gach duine acu ollchéim a ghlacadh, céim bheag, nó fanúint mar atá siad ag braith ar chiall an ráitis dóibh siúd. Mínigh dóibh gur ghá dóibh ollchéim a ghlacadh más féidir leo é a dhéanamh go héasca, céim bheag más féidir leo é a dhéanamh le deacrachtaí nó fanúint mar atá siad munar féidir leo an gníomh a chomhlíonadh in aon chor.

Nóta: Aidhm na gníomhaíochta seo ná chun iarracht a dhéanamh saol gach carachtair a shamhlú agus a bhraith. Níl aon rás i gceist leis!

8. Tá sé tábhachtach ag deireadh na gníomhaíochta an fáth arbh fhéidir nó nárbh fhéidir le daoine bogadh a fhaisnéis.
 - *Fiafraigh daoibh conas a bhraith sé dóibh nuair nárbh fhéidir leo bogadh?*
 - *Pléigh na gnéithe éagsúla de saolta leanaí leochaileacha.*
 - *An bhféadfaí a saolta a dhéanamh níos fearr ar aon tslí?*
 - *Cén seirbhísí a d'fhéadfaidís úsáid, nó cén eagraíochtaí a d'fhéadfaidís dul i dteagmháil leo chun a suíomh a fheabhsú?*

M.sh. Cumann na hÉireann do dhaoine óga faoi chúram (IAYPIC), Clann Shíomóin, Barnardos, Pavee Point, Siondróm Down Éireann, An Comhairle Náisiúnta do na Daill, Naomh Uinseann de Pól, an tSeirbhís Eolais do Theifigh, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, srl.
9. Iarr ar na daoine óga féachaint ar an UNCRC agus teacht ar na hairteagail a gceapann siad atá bainteach leis na ráitis úsáidte sa ghníomh seo.

Nóta do mhúinteoirí/éascaitheoirí


Tá halla nó spás mór folamh ag teastáil chun an ghníomhaíocht Ollchéimeanna a dhéanamh.

ROGHA BHREISE

Iarr ar gach éinne de na daoine óga gearrscéal a scríobh faoina gcarachtar féin, ag cur leis faoi mar is mian leo. Bíodh eagraíochtaí agus seirbhísí san áireamh a d'fhéadfadh a bheadh úsáideach chun tacaíocht a sholáthar. D'fhéadfaí na scéalta seo a chur i láthair don ghrúpa ag tréimhse eile.

RÁITIS

- D'fhreastail mé ar bhunscoil
- Is féidir liom bogadh go héasca gan aon chúnamh
- Tá mé sona
- Is féidir liom labhairt amach ar scoil faoi rudaí a ghoilleann orm
- D'fhéadfainn freastal ar ollscoil
- Is féidir liom cluichí/spóirt a imirt nó mo scíth a ligean chuile lá
- Is féidir liom maireachtáil le mo thuistí
- Is féidir liom bualadh le mo chairde
- Bíonn eagla orm uaireanta
- D'fhéadfainn dul isteach in aon siopa, bialann, pictiúrlann is mian liom
- Is féidir liom an rialtas a cháineadh más mian liom
- Is maith liom dul abhaile i ndiaidh scoile
- Tá dóthain agam le hithe is le hól
- Uaireanta bíonn daoine gránna liom
- Is féidir liom pá cóir a fháil
- Is féidir liom teacht ar eolas nuair is mian liom
- Is féidir liom dul chuig an dochtúir nuair atá mé breoite
- Beidh mé in ann post maith a fháil nuair a bheidh mé níos sine
- Tá cultúr agus oidhreacht shaibhir agam
- Is féidir liom a bheith i mo bhall d'aon ghrúpa/eagraíocht is mian liom



Áine is ainm dom.

Táim 15 bliana d'aois. Tá bulaíocht á dhéanamh orm ar scoil. Níl an t-am ag mo thuistí bualadh leis an bPríomhoide de bharr a gcuid oibre.

**Ruth is ainm dom.**

Táim 13, an duine is sine as seisear leanaí. Cuireadh m'athair óna phost le déanaí.

Darren is ainm dom.

Tá Siondróm Down orm. Táim 16 bliana d'aois. Oibrím san Fhondúireacht Hope áitiúil. Táim i mo chónaí sa bhaile.

Hope is ainm dom.

Táim 16 bliana d'aois. Is teifeach ón Nígéir mé. Freastalaím ar an scoil áitiúil. Níl cead ag mo thuistí bheith ag obair.

Grace is ainm dom.

Is taistealaí 15 bliana d'aois mé. D'éirigh mé as an scoil ag aois a 11. Táim i mo chónaí i gcarbhán ar láithreán stad ar imeall an bhaile.

Katie is ainm dom.

Táim 16 bliana d'aois agus táim ar lagamharc. Mian mo chroí ná freastal ar an gcoláiste chun staidéar a dhéanamh ar mhíochaine.

Seán is ainm dom.

Táim 15 bliana d'aois. Bhí mé i dtimpiste bhóthair agus is gá dom cathaoir rothaí a úsáid chun bogadh thart anois.

Jenny is ainm dom.

Táim 11 bhliain d'aois. Táim i mo chónaí i mbaile altrama. Tá m'athair sa phríosún agus tá mo mháthair san ospidéal.

**Eddie is ainm dom.**

Táim 14 bliana d'aois. Táim i mo chónaí le mo mháthair in árasán ar cíós. Feicim m'athair ag an deireadh seachtaine.

Alan is ainm dom.

Táim 16 bliana d'aois. Bhí orm mo theach a fhágáil toisc go bhfuil páirtí nua ag mo mháthair agus ní réitím go maith leis.

Mick is ainm dom.

Táim 17 mbliana d'aois.
Scaoileadh saor ón bpríosún mé le déanaí.

Peter is ainm dom.

Táim 12 bhliain d'aois. Tá beirt deirfiúracha agus deartháir amháin agam. Bíonn m'athair ag obair agus níonn mo mháthair ag obair sa bhaile.

Jack is ainm dom.

Táim 11 bhliain d'aois. Bíonn mo thuistí ag troid i gcónaí. Ní éiríonn liom dul ar scoil gach lá.

Laura is ainm dom.

Táim 17 mbliana d'aois, agus tá leanbh sé mhí d'aois agam. Táim i mo chónaí in árasán ar cíós agus níl aon phost agam.



GNÍOMHAÍOCHT 7

Daoine Óga agus Oideachas





Daoine Óga agus Oideachas

Sa ghníomhaíocht seo déanann na daoine óga suirbhé ar Oideachas in Éirinn, a iarrann orthu féachaint ar roinnt de na ceisteanna atá bainteach le daoine óga sa réimse seo. Nuair atá an suirbhé críochnaithe acu iarrtar orthu na trí cheist is tábhachtaí dóibh a liostáil de réir oird tábhachta. Déanfaidh siad ansin na cearta éagsúla laistigh de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh atá ceangailte leis na ceisteanna a luadh sa ghníomhaíocht a ainmniú.

Bunreacht, Airteagal 42:

Aithníonn an Stát an ceart oideachas a fháil.

CNACL, Airteagal 28:

Tá sé de cheart ag leanaí oideachas a fháil.



Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga ar an tsaincheist

Daoine Óga & Oideachas

GNÍOMHAÍOCHT

1. Roinn na daoine óga i ngrúpaí de thriúir nó de cheathrar agus tabhair cóip amháin den suirbhé do gach ghrúpa. Mínigh do na daltaí go bhfuil siad anois ag fail deise an córas oideachais ina bhfuil siad páirteach a luacháil.
2. Iarr ar na daltaí gach ceann de na ráitis a phlé agus cinneadh mar ghrúpa cé acu an aontaíonn siad leis na ráitis nó nach n-aontaíonn. Nuair atá cinneadh déanta maidir le gach ráiteas caithfidh siad cúis amháin lena luacháil a bhreacadh síos.
3. Nuair atá na daltaí críochnaithe leis an suirbhé, tá acu na trí cheist is tábhachtaí dóibh mar ghrúpa a liostáil agus iad a chur in ord 1,2,3. Beidh acu a rogha a phlé sa ghrúpa.
4. Nuair atá siad críochnaithe ag cur a dtrí gceist oideachais in ord tosaíochta, tabhair cóip den Leathanach ar Ceisteanna Rangúcháin Oideachais do gach duine.
5. Iarr ar gach ghrúpa an ord inar liostáil siad a dtrí bhuaireamh a léamh amach.

Agus tú ag líonadh amach an leathanach céimiúcháin, tabhair pointí do na ceisteanna mar seo leanas:

An cheist is tábhachtaí = 3 phointe

An dara cheist is tábhachtaí = 2 phointe

An tríú cheist is tábhachtaí = 1 phointe

Nuair atá na scóir curtha le chéile, feicfidh na daltaí na ceisteanna is tábhachtaí do gach ghrúpa agus an ord ina dtagann siad.

6. De réir mar atá gach grúpa ag tabhairt aiseolais faoina gceisteanna, ba cheart go mbeadh na daoine óga eile ag líonadh an Leathanaigh Chéimiúcháin ag baint úsáide as an gcóras pointe thuas.
7. Nuair atá na grúpaí uile críochnaithe ag tabhairt aiseolais, obrigh amach cén cheist as na trí cinn is tábhachtaí don ghrúpa go hiomlán.
8. Iarr ar na daltaí féachaint ar an hCoinbhinsiún um Chearta an Linbh agus na hailt a shíleann siad atá bainteach leis an gceist seo a aimsiú.

ROGHANNA LEANTACHA

1. Iarr ar na daoine óga fógra a mhaireann dhá nóiméad a dhéanamh faoi cheisteanna oideachais

NÓ

2. Iarr ar na daltaí giotán cainte dhá nóiméad ar fhad a chur le chéile ina míníonn siad do dhaoine óga na ceisteanna oideachais atá ag baint le daoine óga

Do ghrúpa, socraigh cé acu an aontaíonn sibh leis na ráitis a leanas nó nach n-aontaíonn sibh leo, nó an bhfuil sibh neamhchinnte fúthu. Plé eadraibh na fáthanna le bhur n-aontas nó bhur n-easaontas sula roghnaíonn sibh freagra amháin mar ghrúpa. Tarraing ciorcal thart ar an bhfocal a roghnaigh do ghrúpa. Nuair atá sibh críochnaithe, cuntas cá mhéad a d'aontaigh, cá mhéad nár aontaigh agus cá mhéad nach raibh cinnte. I do ghrúpa roghnaigh trí cinn de na ráitis dar libh mar ghrúpa a chuireann síos ar na ceisteanna is tábhachtaí do dhaoine óga maidir lena n-oideachas.

Caithfidh daltaí in Éirinn málaí scoile a iompar atá róthrom	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá córas fíormhaith scrúdaithe ag mic léinn in Éirinn	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá rogha leathan ábhar ag daltaí in Éirinn	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá teacht éasca ag daltaí ar ríomhairí in Éirinn	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá go leor spáis agus ama ag daltaí chun labhairt lena gcairde	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá comhairlí dalta éifeachtacha ag mic léinn in Éirinn	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá cead aighnis ag daltaí in Éirinn maidir lena scoileanna	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Níl bulaíocht ina fadhb mhór i scoileanna Éireannacha níos mó	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá teacht ar ghairmthreoir phraiticiúil agus thairbheach ag daltaí ina scoileanna in Éirinn	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá tacaíocht mhaith ag daltaí ina scoileanna in Éirinn má tá siad ag iarraidh labhairt le duine éigin faoi fhadhb	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte
Tá scéim cíosa leabhar ar fheabhas ag mic léinn in Éirinn	Aontaím	Easaontaím	Neamhchinnte

	Grúpa 1	Grúpa 2	Grúpa 3	Grúpa 4	Grúpa 5	Grúpa 6	Grúpa 7	Grúpa 8	Grúpa 9	Iomlán
Málaí Scoile										
Scrúduithe										
Ábhair										
Ríomhairí										
Am										
Comhairlí Data										
Cead Aighnis										
Bulaíocht										
Gairmthreoir										
Tacaíocht										
Cíos leabhar										

GNÍOMHAÍOCHT 8

Súgradh, Fóillíocht
& Caitheamh Aimsire





Súgradh, Fóillíocht & Caitheamh Aimsire

Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga ar an tsaincheist Súgradh, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire. Iarrtar orthu machnamh a dhéanamh ar na cineálacha súgartha agus gníomhaíochtaí le haghaidh caitheamh aimsire is maith le daoine óga, tábhacht na ngníomhaíochtaí sin agus cad iad na constaicí leis na gníomhaíochtaí, ag leanúint ar aghaidh go dtí na torthaí is féidir a bheith ar theorannú caithimh aimsire.

Déanfaidh siad ansin na ceisteanna agus buairimh a cheangal le CNA CL agus na cearta atá bainteach leis na ceisteanna seo a ainmniú.

CNA CL, Airteagal 31:

Tá cheart chun súgartha agus chun sosa ag leanaí.



Tugann an ghníomhaíocht seo tús eolais do dhaoine óga ar an tsaincheist

Súgradh, Fóillíocht agus Caitheamh Aimsire

GNÍOMHAÍOCHT

1. Déan cóip den Leathanach ar Cheisteanna Caithimh Aimsire agus gearr amach na focail ag déanamh 8 seit de cheithre fhocal éagsúla (ceann amháin as gach colún.)
2. Roinn na daoine óga in 8 ngrúpa agus tabhair seit de cheithre fhocal agus greamachán gorm do gach grúpa.
3. Greamaigh gach ceann de na ceithre leathanach ceannteidil ar chodanna éagsúla den bhalla.
4. Tá ag gach grúpa na ceannteidil a scrúdú agus socrú ar cén ceannteideal chun a bhfocail a chur faoi.
5. Caithfidh duine amháin as gach grúpa a bhfocail a ghreamú faoin gceannteideal ceart ansin.
6. Nuair atá na grúpaí uile críochnaithe ag greamú na bhfocal suas, déan seiceáil ar an bpríomhleathanach cé acu an bhfuil siad ceart nó nach bhfuil.
7. A luaithe is atá siad tar éis suí síos iarr ar na grúpaí smaoineamh ar fhocal eile do gach ceann de na colúin iad féin.
8. Déan na ceisteanna caithimh aimsire seo a phlé leis an ngrúpa, ag fáil amach cé acu an aontaíonn siad leis na constaicí agus na torthaí a thagann as easpa áiseanna fhóillíochta, súgradh agus caitheamh aimsire do dhaoine óga ina gceantar nó nach n-aontaíonn. Iarr ar na daltaí roinnt áiseanna a

ainmniú atá ar fáil dóibh agus a insint cén fáth a n-oibríonn siad seo agus nach n-oibríonn áiseanna eile.

9. Iarr orthu roinnt de na háiseanna atá ar fáil ina gcomharsanacht féin a ainmniú agus iarr orthu má tá siad sásúil.
10. Iarr ar an ngrúpa iomlán amharc ar an gCoinbhinsiún um Ceartha an Linbh agus na hailt a aimsiú a shíleann siad atá bainteach leis an cheist seo. An measann siad go bhfuil meas ag daoine ar na ceartha seo?

ROGHA LEANTACH

Iarr orthu nóta a scríobh chuig cara a bhí as láthair inniu siocair tinnis. Iarr orthu an méid a phléigh siad inniu a mhíniú, chomh maith leis na ceisteanna ag baint le súgradh agus caitheamh aimsire do dhaoine óga.



1

CINÉALACHA
GNÍOMHAÍOCHTAÍ
SÚGARTHA &
CAITHEAMH
AIMSIRE DO
DHAOINE ÓGA

Peil / Iománaíocht



Snámh

Clubanna Óige

Ionad Buail Isteach

Páirc Scátála

Siopaí Caiife

Ionad Corpacmhainne

Ceol / Damhsa

2

AN TÁBHACHT A BHAINÉAN LE SÚGRADH AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

Cairdeas



Sláinte

Caidreamh

Crochadh Thart

Spraoui

Scíth

Folláine

Eolas

3

FÁTHANNA NACH
BHFUIL TEACHT
AG DAOINE ÓGA
AR ÁISEANNA
CHAITHIMH
AIMSIRE

Airgead



Spás

Árachas

Fad

Maoirseacht Dhuine Fásta

Iompar

Sláinte & Sábháilteacht

Míchumas

4

TORTHAÍ AR
EASPA ÁISEANNA
SÚGARTHA
AGUS CAITHIMH
AIMSIRE

Leamhthuirse



Coir

Uaigneas

Loitiméireacht

Ólachán / Drugaí

An tOrdú um Iompar
Frithshóisialta

Gnéas idir Dhéagóirí

Iargúlacht

GNÍOMHAÍOCHT 9

Leanaí
agus an Dlí





Leanaí agus an Dlí

Cuireann an ghníomhaíocht seo roinnt shaincheistanna maidir le cearta leanaí agus an dlí in iúl do dhaoine óga agus déanann sé iniúchadh ar conas mar a théann gnéithe áirithe den dlí i bhfeidhm orthu ina saolta laethúil. Iarann an chéad ghníomh ar mhic léinn machnamh a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ag an dlí ar a saolta féin. Déanann na gníomhartha ina dhiaidh iniúchadh ar na fáthanna a bhaineann le coireacht óige, an gaol atá ann idir daoine óga agus an Garda Síochána agus bealaí malartacha déileáil le coireacht óige in áit chúirteanna agus choinneála.

Bunreacht, Airteagal 40(4)(1):

Tá sé de cheart ag gach saoránach saoirse phearsanta a fháil de réir an dlí.

CNACL, Airteagail 37 & 40:

Tá sé de cheart ag gach leanbh nach ndéanfaí piónós a ghearradh orthu ar bhealach cruálach nó goilliúnach. Tá cúnamh dlí má tá siad cúisithe i leith dlí a shárú san áireamh. Ba chóir aon srian ar shaoirse a úsáid mar rogha dheiridh agus don tréimhse ama is giorra atá oiriúnach. Ní mór don chóras ceartais a bheith cóir agus sainiúil do leanaí agus go mbeadh comhroghanna eile ar fáil in áit imeachtaí cúirte, cúraim in institiúidí agus coinneála.

Nóta do thuismitheoirí/éascaitheoirí

Tá halla mór folamh ag teastáil chun an Díospóireacht Shiúil a dhéanamh.

Tarraingíonn an gníomh seo aird na ndaoine óga ar an tsaincheist maidir le

Leanaí agus an Dlí

GNÍOMHAÍOCHT I

1. Déan plé leis na daoine óga faoin bhfáth ar chóir don dlí leanaí a chosaint. Tosaigh ransú smaointe faoi na hamanna a rachadh an dlí agus cúrsaí dlí i bhfeidhm ar shaolta laethúil na leanaí, (m.sh. imeachtaí colscartha, orduithe cúraim, mí-úsáid, leanaí ag lorg tearmainn, daoine óga i ngleic leis an dlí)
2. Fiafraigh de na leanaí cén cearta nó prionsabail a gcuirfidís féin i bhfeidhm sa Bhunreacht chun a chinntiú go dtabharfar meas do leanaí faoin dlí.

Nóta do thuismitheoirí/éascaitheoirí:

Cé nach bhfuil ach tagairt amháin léirithe sa Bhunreacht (Airt. 42.5) do chearta an linbh, tá na cearta seo sainaitheanta ag na cúirteanna faoi Airt 40. San áireamh iontu, mar shampla, an ceart a bheith cothaithe agus maireachtáil, a bheith tógtha agus oillte, a bheith saor, a bheith in ann scíth a ligean agus áineas a chleachtadh, a bheith ag obair, a bheith in ann credreamh a chleachtadh, agus an ceart gnáthchaighdeán daonna a fháil i dtéarmaí bhia, éadaí agus áitreabh cónaithe. De bhreis ar sin, tagraíonn an UNCRC don cheart éisteacht a fháil, agus don phrionsabal barrleasa i.e. ní mór do leas an linbh a bheith mar bhreithniú príomha nó fíorthábhachtach. Ceapann an-chuid

daoine go bhfuil gá an Bhunreacht a leasú chun críocha cosaint ar chearta an linbh a chumhdach agus a bhreisiú.

GNÍOMHAÍOCHT II

1. Déan iniúchadh ar na fáthanna a d'fhéadfadh duine óg a bheith i dtrioblóid leis an dlí agus scríobh suas ar an gclár/smeach-chairt iad.

Nóta do thuismitheoirí/éascaitheoirí:

Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil an líon is mó daoine óga a bhí i dtrioblóid leis an dlí fireann, idir na haoiseanna 16 agus 17. Na saintréithe coiteann eatarthu ná go bhfuil formhór dóibh faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus oideachasúil, agus gur de chúlra neamhshocair clainne iad. Bíonn taithí ag a gclanna ar an gcóras ceartais coiriúil go minic agus bíonn fadhbanna eile acu ar nós fadhbanna meabhairshláinte agus andúile. Léiríonn staitisticí an Gharda Síochána gurb iad na saghsanna coire is mó a dhéanann leanaí faoi aois a 18 den chuid is mó ná goid, coireanna bainteach le halcól, damáiste coiriúil, ionsaí, coireanna tráchta, seilbh drugaí, coireanna bainteach le hord poiblí agus buirgléireacht.

2. Pléigh an gaol atá ag daoine óga le go ginearálta leis an nGarda Síochána. Fiafraigh ceisteanna dá leithéid seo díobh::

An gceapann siad go ndéileáiltear leo ar bhealach cothrom?

Mura ndéantar, cén moltaí atá acu le feabhas a chur ar an suíomh?

GNÍOMHAÍOCHT III

Díospóireacht Shiúil

1. Bailigh na daoine óga ar fad i lár an tseomra nó halla.
2. Cuir na comharthaí “Aontaím” agus “Ní Aontaím” ag suíomhanna éagsúla sa seomra. Léirligh amach ráiteas amháin. Téann na daoine óga i dtreo ceann de na comharthaí, ag braith ar a ndearcaí faoin ráiteas. Dá mhéad a aontaíonn/nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas, is é is giorra don chomhartha a rachadh siad.
3. Fiafraigh de roinnt de na rannpháirtithe cén fáthanna a bhí acu lena rogha. Cén fáth a bhfuil siad sa suíomh sin? Céard a chuaigh i bhfeidhm ar a rogha? Lig dóibh bogadh arís, más mian leo, i ndiaidh dóibh smaoineamh faoi dearcaí na ndaoine óga.
4. Fág roinnt ama do na rannpháirtithe ag deireadh an ghnímh le faisnéis a dhéanamh. Fiafraigh a gcuid dearcaí agus tuairimí dóibh arís.

RÁITIS

1. Ba chóir guth linbh a thógáil san áireamh ar bhealach dáiríre sa chúirt, go háirithe i gcás cúrsaí atá bainteach leo.
2. Tuigeann leanbh 15 bliana d’aois céard é is mó leasa dóibh.
3. Dá mbeadh tuilleadh le déanamh ag daoine óga ina gceantair féin, bheadh seans níos lú ann go mbeadh siad i dtrioblóid leis an dlí.
4. Tá na Gardaí ann ar son an phobail agus déanann siad déileáil le daoine óga ar bhealach cóir agus le meas de ghnáth.

5. Níor chóir do shíománaíocht le cairde a bheith ina chion coiriúil toisc nach mbíonn mórán eile le déanamh sa cheantar go hiondúil.
6. Má bhíonn daoine óga i dtrioblóid leis an dlí, ba chóir go nardófaí an aois a fhaightear freagrach as a ngníomhartha iad agus go gcuirtear pianbhreith coinneála orthu ó 12 bhliain. .
7. Níl aon slí níos fearr na lonaid Choinneála chun coiriúlacht óige sa todhchaí a stopadh.
8. Ba chóir go dtabharfar tacaíocht níos luaithe do dhaoine óga atá i dtioblóid leis an dlí chun a chinntiú nach ndéanann siad coireanna sa todhchaí.

ROGHANNA LEANTACHA

1. Iarr ar dhuine amháin acu ceann de na ráitis a léadh os ard inniu a roghnú agus míniú a thabhairt ar an bhfáth a aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad leis.
2. Spreag iad chun roinnt taighde a dhéanamh ar Sheirbhís Cearta Óige na hÉireann agus smaoineamh faoi shlite malartacha ceartais nach bhfuil coinneáil i gceist leo, ar nós Chlár Athstíúrtha Ógánach na nGardaí ní Tionscadail Athstíúrtha Óige na nGardaí.



GNÍOMHAÍOCHT 10

Tionscadal Gníomhaíochta





Tionscadal Gníomhaíochta


Spreagann an ghníomhaíocht seo daoine óga chun ceann de na saincheistanna atá feicthe acu cheana a aistriú go tionscadal gníomhaíochta. Déanann siad ballóid ar dtús chun saincheist a shainiú agus réiteach air don tionscadal. Tugann sé seo deis dóibh feidmiú praiticiúil a fheicéail de chur i bhfeidhm Airteagal 12 den CNACL. Cuireann an gníomh seo liosta moltaí agus coistí féideartha do Thionscadal Gníomhaíochta bunaithe ar na topaicí atá feicthe cheana féin.

CNACL, Airteagal 12:

Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí chur in iúl faoi rudaí a bhaineann leo.

Bunreacht,**Airteagal 40(6)(1)(i):**

Tá sé de cheart ag saoránaigh a gcuid tuairimí a nochtadh go neamhshrianta.



GNÍOMHAÍOCHT I

An Bhallóid

Sa ghníomhaíocht seo stiúrann na daoine óga ballóid saincheist an Tionscadal Gníomhaíochta a roghnú.

1. Beidh bosca folamh ag teastáil uait a bhfuil clúdach air agus cóip den Pháipéar Ballóide ag gach éinne sa ghrúpa.
2. Téigh tríd gach gníomh go hachomair agus achoimrigh go tapa na saincheistanna ábhartha.
3. Tabhair Páipéar Ballóide do gach duine le comhlánú, agus iarr orthu vóta a chaitheamh ar an tsaincheist/gníomh a bhfuil an tuairim is láidre acu ina leith agus a bhfuil fonn orthu a phléigh sa Tionscadal Gníomhaíochta. Nuair atá a vóta caite ag gach éinne, eagraigh cúpla duine leis na páipéir a chomhaireamh.
4. Ba chóir go mbeadh toradh soiléir leis, ach má thagann siad ar cothrom d'féadfaí an bhallóid a dhéanamh arís le dhá nó trí shaincheistanna dá rogha féin.
5. Nuair ata cinneadh déanta ag an ngrúpa ar shaincheist, féadann siad dul ar aghaidh chun coistí a leithdháileadh dá dTionscadal Gníomhaíochta.

Seans go mbeadh na coistí seo a leanas úsáideach i gcomhlíonadh an Tionscadal Gníomhaíochta:

1. COISTE CEADA

D'fhéadfadh an grúpa seo litreacha foirmeálta a scríobh ag iarraidh ceada foirmeálta ó na daoine atá i gceannas le go mbeidh siad ar an eolas go hiomlán faoi phleananna an Tionscadal Gníomhaíochta agus le gur féidir leis an ngrúpa lá a eagrú leo a bheadh oiriúnach an ócáid a reáchtáil.

2. COISTE NA n IONAD VÓTÁLA

D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as reáchtáil foriomlán an toghcháin. D'fhéadfadh siad na boird a leagadh amach san ionad vótála. D'fhéadfadh siad scáileáin a leagadh amach le gur féidir leis na daoine óga a vótaí a chaitheamh go príobháideach.

3. COISTE COMHAIRIMH

Bheadh an grúpa seo freagrach as na vótaí a chomhaireamh.

4. COISTE TAIGHDE

Roimh dhul i dteagmháil leis an eagraíocht nó duine ábhartha, d'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as taighde a dhéanamh ar obair reatha na heagraíochta le gur féidir leis an ngrúpa iomlán ceisteanna a ullmhú don lá féin.

5. COISTE TEAGMHÁLA

D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as dul i dteagmháil leis an eagraíocht ábhartha ar an nguthán, rphost nó trí chomhfhreagras chun dáta oiriúnach a eagrú d'ócáid an Tionscadal Gníomhaíochta.

6. COISTE CEISTEANNA

D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as na ceisteanna go léir a chomhordú agus na cinn is fearr a phiocadh don lá b'fhéidir.

7. COISTE PÓSTAER

D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as póstaeir tarraingteacha a chruthú chun feasacht ar na saincheisteanna a chothú. D'fhéadfadh siad póstaeir a chruthú chomh maith chun fógraíocht a dhéanamh ar an mballóid nó an ócáid.

8. COISTE HALLA/BIA AGUS DÍ

D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as cinntiú go mbíonn an halla/ spás glan agus eagraithe chun an ócáid a chur ar siúl. D'fhéadfadh siad bia agus deoch a eagrú le dáileadh i measc na haoíanna speisialta.

9. COISTE ACHAINÍ

D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as an leagan amach a eagrú agus láimhseáil na achainí.

D'fhéadfadh siad siúd, nó grúpa eile, torthaí na hachainí a chur i láthair.

10.COISTE TUAIRISCITHE

D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith freagrach as na torthaí agus saincheisteanna a thagann ón Tionscadal Gníomhaíochta a thuairisciú.

GNÍOMHAÍOCHT II

Tionscadal Gníomhaíochta

Seo a leanas liosta de shaincheisteanna féideartha atá le haistriú go Tionscadal Gníomhaíochta agus na grúpaí nó coistí éagsúla cuí chun gach tionscadal a chur i ngníomh. Laistigh de na grúpaí ba chóir go mbeadh a dtasc aonair féin ag gach rannpháirtí le bheith freagrach as. Tá Grúpa Tuairiscithe san áireamh i ngach tionscadal a dhéanfaidh cinneadh maidir le conas an tionscadal a dhoiciméadú agus a thuairisciú ar an mbealach is fearr. Bheadh Oifig an Ombudsman do Leanaí fíor-shásta go deo scéal a fháil ón nGrúpa Tuairiscithe maidir le saincheisteanna a bhfuil vótáil déanta ag daoine óga orthu, cén fáth go bhfuil ceann amháin díobh nó níos mó tábhachtach dóibh, cén saghas gníomhaíochta atá curtha i bhfeidhm acu bainteach leis an tsaincheist.

Féadann tú dul i dteagmháil linn ar ár rphost ag oco@oco.ie nó scríobh chugainn ag **Oifig an Ombudsman do Leanaí, Millennium House, 52-56 Sráid na Trá Móire, Baile Átha Cliath 1.**

Guth Leanaí a Chloisteáil

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Eagraigh Toghchán Chomhairle Mac Léinn/ Grúpa Monatóireachta um Chearta an Linbh.

D'fhéadfadh an grúpa tofa a bheith freagrach as guthanna agus dearcaí daoine óga a aibhsiú agus a cinnte a dhéanamh de go bhfuil meas á léiriú ar chearta an linbh i gcónaí.

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Cead
- An Grúpa Pháipéar Ballóide
- An Grúpa Fógraíochta
- An Grúpa Ionad Vótála
- Grúpa Chlár na dTogthóirí
- An Grúpa Comhairimh
- An Grúpa Tuairiscithe

Teaghlach & Cúram

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Tabhair cuireadh do líon seantuismitheoirí/ daoine breacaosta teacht isteach chun labhairt faoi conas mar atá coincheap agus eispéireas na clainne athraithe le caitheamh na mbliain.

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Cead
- An Grúpa Teagmhála
- An Grúpa Taighde
- Grúpa na gCeisteanna
- Grúpa na bPóstaer
- An Grúpa an Halla/Bia agus Dí
- An Grúpa Tuairiscithe

Sláinte & Pobal

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Eagraigh cuair ó bhall foirne sa Roinn Pleanála den údarás áitiúil chun aon fhorbairt pleanáilte sa cheantar áitiúil a phlé agus ullmhaigh do thuairimí maidir le conas is féidir é a chur níos mó in oiriúint don aos óg.

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Cead
- An Grúpa Teagmhála
- An Grúpa Taighde
- Grúpa na gCeisteanna
- Grúpa na bPóstaer
- Grúpa an Halla/Bia agus Dí
- An Grúpa Tuairiscithe

Díothacht Saibhris & Maoine

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Eagraigh cuairt ó ionadaí de chuid Chumann Naomh Uinseann De Pól nó ionadaí ó do Chlann Shíomóin áitiúil le plé a dhéanamh ar conas mar atá siad ag déileáil le bochtaineacht leanaí. Déan cinneadh faoi conas mar is féidir leat tacú lena gcuid oibre.

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Cead
- An Grúpa Teagmhála
- An Grúpa Taighde
- Grúpa na gCeisteanna
- Grúpa na bPóstaer
- Grúpa an Halla/Bia agus Dí
- An Grúpa Tuairiscithe

Daoine Óga & Oideachas

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Ócáid mhúscailt feasachta. Eagraigh díospóireacht agus pléigh soláthar na seirbhísí oideachais i do cheantar áitiúil.

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Ceada
- An Grúpa Taighde
- Grúpa na bPóstaer
- An Grúpa Fógraíochta
- Grúpa na nÓcáidí
- An Grúpa Tuairiscithe

Leanaí Leochaileacha

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Eagraigh turas chuig ceann daoibh seo a leanas: Scoil Choinneála; an Ionad Áitiúil Cóiríochta do Theifigh; grúpa Taistealaithe; Scoil Speisialta nó Rang Speisialta; Barnardos éigin, Enable Ireland nó seirbhís Fhondúireacht Cope do leanaí

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Ceada
- An Grúpa Teagmhála
- An Grúpa Taighde
- Grúpa na gCeisteanna
- An Grúpa Tuairiscithe

Leanaí & an Dlí

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Eagraigh cuairt ón Oifigeach áitiúil Idirchaidrimh don Óige.

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Ceada
- An Grúpa Teagmhála
- An Grúpa Taighde
- Grúpa na gCeisteanna
- Grúpa na bPóstaer
- Grúpa an Halla/Bia agus Dí
- An Grúpa Tuairiscithe

Súgradh, Fóillíocht & Caitheamh Aimsire

Tionscadal Gníomhaíochta Féideartha:

Eagraigh achainí le seoladh chuig an údarás áitiúil maidir le háiseanna áineasa do dhaoine óga i do cheantar.

D'fhéadfaí na grúpaí seo a leanas a úsáid:

- An Grúpa Ceada
- An Grúpa Taighde
- An Grúpa Deartha
- Grúpa na nEagarthóirí Achainí
- Láithreoirí an Ghrúpa Achainí
- An Grúpa Tuairiscithe

Páipéar Ballóide

Cuir in iúl, le do thoil, cén ceann de na saincheisteanna seo a leanas ar mhaith leat díriú ar do do Thionscadal Gníomhaíochta. Roghnaigh bosca amháin le do thoil.

- ☐ Guth Leanaí a Chloisteáil
- ☐ Clann & Cúram
- ☐ Sláinte & Pobal
- ☐ Díothacht Saibhris agus Maoine
- ☐ Daoine Óga & Oideachas
- ☐ Leanaí Leochaileacha
- ☐ Leanaí & an Dlí
- ☐ Súgradh, Fóillíocht & Caitheamh Aimsire

Fill é le do thoil agus cuir isteach sa bhosca ballóide é.

Go raibh maith agat.



